DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 22 Aibreán 2024

TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**
Bhí leithscéal ó Shiobhán Ní Ghadhra. Bhí Aedín O'Leary agus Róisín Ní Raighne ar zoom agus na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí agus fáilte ar leith roimh na comhaltaí nua ar an mbord, Muireann Ní Chíobháin agus Éamonn Ó hArgáin.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Feabhra.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Déanadh leasú ar tinreamh Miontuairiscí Mhí Feabhra.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1* *Cruinniú leis an Aire:* Dúradh go raibh iarrtha ag an Aire casadh leis an Chathaoirleach roimh dheireadh Mhí Bealtaine. Tá obair ar bun le Aighneacht Réamh-bhuiséid a réiteach, a leagann amach tosaíochtaí TG4 do 2025.

Dúradh go mbíonn cruinniú gach ceathrú idir TG4 agus an Roinn, agus gur léir go bhfuil athruithe ag teacht ar an gcur chuige maidir le rialachas corparáideach. Moladh go mbeadh TG4 ag breathnú ar dhuine a fhostú a bheadh freagrach as rialachas corparáideach, agus a thacódh leis na dualgais rialachais bhreise.

DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

5.1.2 *RTÉ agus an Rialtas:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh ráite ag an Taoiseach nua agus ag Éamonn Ryan go mbeidh meicníocht nua maidir le maoiniú na meán seirbhíse poiblí le cur tríd an Dáil roimh an samhradh. Dúirt sé go raibh sé tabhachtach go mbeadh glór TG4 á ardú ag an phointe seo agus socrú á dhéanamh ar cheist an mhaoinithe phoiblí.

5.1.3 *Coimisiún na Meán:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios gur fhoilsigh CnaM Iarratas ar Thairiscint (RFT) maidir le Léirmheas Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge. Dúradh gur dóichí gur in Q1 de 2025 a bheadh an t-athbhreithniú déanta agus gur i mBuiséad 2026 a chuirfí na moltaí i bhfeidhm.

Thug sé le fios gurb í Sinéad Crowley a bheidh ag plé leis an cheist faoi FoMC 7.1 (Nuacht TG4) thar cheann Choimsiún na Meán. Dúirt sé gur tháinig Andrew Byrne, atá mar 'Stiúrthóir na Meán Seirbhíse Poiblí' agus Liam Boyle ar chuairt go Baile na hAbhann ar an 5ú Márta agus go raibh cruinniú eile socair leo ar 23 Bealtaine.

5.1.4 *Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur chuir Comhchoiste na Gaeilge an-suim i scéim Intéirneachta TG4 agus thréaslaigh sé le Intéirnigh TG4 as an gcur i láthair cumasach a rinne siad ag an gComhchoiste ar an gCéadaoin 17/04. Dúirt sé gur tharraing siad moladh agus aitheantas do TG4 ó na polaiteoirí a bhí i láthair.

**5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

5.2.1 *Lucht Féachana 2023:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh ag eirí go han mhaith le TG4 ó thús na bliana, agus gur baineadh amach an sciar '*consolidated*' b'airde ó 2010 i Mí Mhárta (3.11%). Dúradh go raibh tionchar ag an Comórtas Sraithe CLG ar na figiúirí féachana seo agus freisin go raibh tionchar ag an infheistíocht bhreise in ábhar TG4 leis.

5.2.2 *Māori TV:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur cuireadh fáilte roimhe ag an World Indigenous Content Conference in Auckland ar an 11 Márta.

DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

Dúradh gur cothaíodh nasc le Whakaata Māori (Māori TV) agus le Te Mangai Paho (Ciste na Meán Māori). Dúradh go mbeadh Shane Taurima, príomhfheidhmeannach Whataata Māori, i láthair ag Féile na Meán Cheilteach i gCardiff maraon le Príomhfheidhmeannach nua eatramhach S4C, Sioned William.

5.2.3 *Forbairt Earnála:* Tugadh le fios go raibh obair ar bun le Údarás na Gaeltachta maidir le Straitéis 3 – 5 bliana a leagan amach d'fhorbairt na hEarnála Gaeilge.

5.2.4 *Lá Eolais Oireachais:* Dúradh go raibh lá eolais ag TG4 sa Roinn Oideachais ar an 19ú Márta, mar ar rinneadh léiriú do chomhpháirtithe oideachais ar na h-áiseanna agus tacaíochtaí atá ar fáil ag TG4 Foghlaim agus tugadh aiseolas ar an taighde ar na scoileanna a rinne RedC.

5.2.5 *Cartlann TG4:* Tugadh le fios go raibh obair leanúnach ar bun le Cartlann Ghradam Ceoil TG4 agus go raibh 30 clár bainteach le Gradam Ceoil sa gcartlann anois, ar a bhfuil 161 buaiteoir Gradam Ceoil. Tá an Chartlann Sean Nóis ag fás freisin, agus 1000 físeán d'amhráin cháiliúla sean nóis, uaslódáilte go dtí seo.

5.2.6 *Rochtain Lucht Féachana:* Míníodh go raibh cruinniú dearfach ag TG4 le CnaM maidir le comhlíonadh spriocanna rochtana (*accessibility*). Dúradh go raibh CnaM sásta go raibh TG4 ag comhlíonadh na ndualgas agus ag déanamh forbairtí breise i réimsí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL). Beidh plean rochtana nua le forbairt do na 5 bliana romhainn.

5.2.7 *Cuairteanna ar TG4:* Tugadh le fios gur tháining ionadaithe ó TV2 Nord na Danmhairge ar cuairt go TG4 le deireanas. Thug ionadaithe ó BBC Alba cuairt ar Bhaile na hAbhann freisin le linn na míosa.
Thug an tArd-Stiúrthóir aitheantas do Ishbel MacLennan, iar-chraoltóir agus iriseoir agus duine de fhoireann bhainistíochta BBC Alba, a bhásaigh go h-óg.

5.2.8 *Gradaim RTS:* Dúradh go raibh ócáid Ghradam RTS na bliana seo ar siúl le déanaí, faoi stiúir Sky Ireland. Tugadh moladh don 4 ainmniúchán a bhí ag TG4 i nGradaim RTS na bliana seo agus do Midas Teo a bhain amach gradam don chlár Spóirt ab fhearr le *Misneach*, *Alex Lee*.

DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

*5.2.9 Cláracha:* Tugadh spléachadh ar roinnt sraitheanna a thosaigh ar TG4/Cúla4 le deireanas: Clár fada faisnéise álainn, *An Bothy Band*, sraith spraíúil taistil *Téacs Taistil*, an dara sraith de *Contractors*, sraith faoin bpobal mara *Meitheal Mara Chorca Dhuibhne*, *Ag Triall ar an Tobar* le Manchán Magan, *Uan Uladh* Scéal an Ollaimh Úna Ní Fhaircheallaigh a throid ar son an chomhionannais agus ar son athbheochan na Gaeilge, *Siar Linn,* sraith ar Cúla4 ag tabhairt eolais dúinn ar an saol fadó, *Rannta agus Amhráin le Niamh* ar Cúla4, *Sacar na mBan Beo*, na cláracha ceannais beo ó *Glór Tíre*, sraith DIY *Déan Tú Féin É*, sraith faisnéise láidir *Cúramóirí*, sraith cheoil *Transatlantic Sessions*, sraith nua de *Slí na mBeaglaoich* agus clár nua *Iniúchadh TG4: Anfa Mara* ar an 24 Aibreán.

**5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.3.1 Foireann:* Dúradh gur chríochnaigh Orla Nic an Rí, Bainisteoir Acmhainní Daonna TG4 ar an 16ú Aibreán agus gabhach buíochas leí as an seirbhís a bhí tugtha aici do TG4. Tugadh le fios go raibh Bainisteoir Margaíochta agus Eagarthóir Blaisíní ceaptha mar chlúdach do bheirt atá ar sos gairme. Dúradh freisin go raibh Cúntóir Léirithe agus Intéirn nua ag tosú le Cúla4 agus Maor Craolacháin agus Maor Soláthar Ábhar Digiteach breise tosaithe freisin.

*5.3.2 Straitéis Inbhuanaitheachta:* Tugadh le fios go raibh comhairliúchán ar siúl le straitéis Inbhuanaitheachta a fhorbairt do TG4 agus ceardlanna ar bun leis an fhoireann ina leith seo.

*5.3.3 Tograí Eorpacha:* Míníodh an dul chun cinn leis an togra Transmixr (togra Eorpach maidir le soláthar nuachta sa todhchaí ag úsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha). Dúradh go raibh TG4 páirteach freisin in iarratas faoin gclár CREA Eorpach, i gcomhpháirt le craoltóirí seirbhíse poiblí sa tSlóvaic agus sa Bhulgáir maidir le litearthacht sna meáin.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 Rinne an Bord plé ar dhréacht de litir an Chathaoirligh go dtí an tAire, a leagann amach na tosaíochtaí atá ag TG4 do Aighneacht Réamhbhuiséid 2025.

6.2 Thréaslaigh an Cathaoirleach le foireann Midas ar bhronnadh gradam RTS orthu don chlár *Misneach, Alex Lee*.

6.3 Gabhadh buíochas le Orla Nic an Rí, a d'eirigh as a cúramaí mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna le TG4 i rith na míosa.

6.4 Moladh na h-Intéirnigh a labhair os comhair an Chomhchoiste Oireachtais i rith na seachtaine agus a léirigh na buntáistí a eascraíonn as an Scéim Intéirneach.

6.5 Rinneadh comhbrón le baill fóirne ar bhásaigh daoine muinteartha leo le déanaí.

**7. Cuntais Mhí Mhárta 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Mhárta. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Athbhreithniú Feidhmíochta 2024**

**8.1** Cuireadh an chaipéis Athbhreithniú Feidhmíochta do 2024 faoi bhráid an Bhoird.

Cheadaigh an tAthbhreithniú Feidhmíochta.

**9. Ceadú Conartha**

Cuireadh trí chonradh faoi bhráid an Bhoird le ceadú, Conradh Díolachán Fógraíochta; Conradh Seirbhísí Margaíochta agus Conradh Meán Fógraíochta.

Ceadaíodh an trí chonradh.

Cuireadh liosta conarthaí sínithe le luach idir €200k - €499k ar fáil don Bhord freisin le nótáil.

DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

**10. Tuairisc Lucht Féachana**

Tugadh tuairisc ar an Lucht Féachana le linn Mí Mhárta 2024. Bhí lucht féachana na míosa ana láidir ag TG4. Bhíothas ar an 6ú cainéal ba mhó féachana agus sciar 3.1% i gcomparáid leis an meán de 2.8%. B'iad na cláir ba mhó tráchta ar aer agus ar an seinnteoir ná an *Spórt Beo*, na *Contractors* agus sraith *Viva Ceol Tíre*. Tháinig an tsraith *Ceol ón Eargail* agus *an Bothy Band* chun cinn ar aiseolas Fios Físe.

**11. Seirbhís Nuachta TG4**

Tháinig Deirdre Ní Choistín, Ceannasaí Nuachta isteach don mhír seo.

Tugadh tuairisc ar Chruinniú an Choiste Nuachta. Pléadh an mhoill a bhí le dul chun cinn na socruithe Nuachta agus an phráinn a bhí le réiteach a aimsiú.

Aontaíodh go rithfeadh an Bord dhá rún:

**RÚN 1**

*"Cuireann Bord TG4 fáilte mhór roimh ionchur gníomhach Choimisiún na Meán chun Moladh 7.1 de thuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán a bhrú chun cinn agus gealltar comhoibriú leanúnach leis an sprioc sin a bhaint amach a luaithe agus atá sin indéanta. Is é seasamh Bord TG4 gur gá go mbeadh gach gné d'eagarthóireacht, struchtúr, acmhainní foirne agus maoiniú na seirbhíse nuachta agus cúrsaí reatha go hiomlán faoi smacht TG4 ar son leasa na seirbhíse agus an phobail agus le iolracht níos fearr a chur ar fáil.*

*Tá ciall agus stuaim ag baint leis na moltaí atá déanta sna dréachtphrionsabail fad is go gcinntíonn siad an neamhspleáchas sin do sheirbhís nua nuachta TG4. Theastódh soiléiriú ar a raibh i gceist i gcás nó dhó agus tá dréachtphrionsabail áirithe luaite a bhaineann le RTÉ amháin seachas le TG4."*

**RÚN 2**

*"Go n-iarrfaidh Bord TG4 ar an ardbhainistíocht teagmháil a dhéanamh go foirmiúil le lucht ceannais cheardchumainn an NUJ agus SIPTU a dhéanann ionadaíocht ar bhaill foirne RTÉ i Seomra Nuachta TG4 le léargas a thabhairt dóibh ar a bhfuil beartaithe leis an tseirbhís nua neamhspleách nuachta agus le ionchur a fháil uatha".*

DocuSign Envelope ID: 9B8EEE82-D2C1-494E-A81E-8CF269B8B9F9

**11. Riarachán Boird**

11. 1 Téarmaí Tagartha: Socraíodh go ndéanfadh Cathaoirleach na gCoistí athbhreithniú ar théarmaí tagartha na bfo-choistí boird sula bhfoilseofaí iad.

11.2 Téarmaí Tagartha Coiste Ceadú Conarthaí: Cuireadh dréacht ar fáil de théarmaí tagartha don Choiste Ceadú Conarthaí. Cheadaigh an Bord na téarmaí tagartha.

11.3 Socraíodh dáta do chruinniú measúnaithe boird (25/06) agus cruinniú ar leith don Bhord le plé a dhéanamh ar straitéis ESG TG4 (26/06).

**12. Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó breise.

**13. Aon Ghnó Eile**

**14. Léargas Seachtrach:** cuireadh ar athló an seisiún eolais AI.

**Críoch**

*Síniú* DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair 1913C3940044407...

Dáta 01-Jul-24 | 10:39 AM BST